Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7238/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0029(NLE)**

**SCH-EVAL 54**
**COMIX 116**
**MIGR 87**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7237/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an **Íoslainn** ar *acquis* Schengen i réimse an **fhillte** |

1. Tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a bheith glactha ag an gComhairle, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Íoslainn ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte in 2022.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Íoslainn i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le filleadh.

3. Ón 1 Deireadh Fómhair 2022, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[1]. De réir Airteagal 31(3) den Rialachán sin, maidir le meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, déanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.

4. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 7 Márta 2023.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme, mar a leagtar amach in 7237/23 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[1] IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27.